Caibidil 10

Gníomhaíochtaí Sábháilteachta

Tugann Caibidil 10 treoir bhunúsach maidir le sábháilteacht ar mhuiríne agus trealamh a chothabháil.

10.1 Feidhmiúcháin freastail ar árthaí feistithe

Uaireanta bíonn báid ar feistiú amach ón gcósta de bharr srianta taoide nó doimhneacht snámha agus bíonn rochtain ar fáil orthu trí bháidín freastail a seoltar amach ón gcladach. I gcásanna dá leithéid **ina mbíonn bád freastail á úsáid chun dul amach chuig árthaí feistithe agus dul ar bord, ba chóir aird a thabhairt ar na réamhchúraimí seo a leanas:**

- Ba chóir don chriú GSP/seaicéid tarrthála a chaitheamh i gcónaí, agus an bád freastail á láimhseáil, agus nuair atáthar ag aistriú chuig agus ag dul ar bord an árthaigh fheistithe.
- Moltar go mbeadh raidió láimhe uiscedhíonach VHF á iompar ag na hoibreoirí.
- Níor chóir do dhaoine atá faoi thionchar alcóil nó drugaí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí freastail.
- Bí cinnte go bhfuil an bád freastail faoi dhea-bhail agus feistithe go hoiriúnach. Má tá báidín inséidte á úsáid, déan cinnte go bhfuil sé séidte i gceart agus gur báidín ilfheadáin í atá in ann fanacht ar snámh má theipeann ar fheadán amháin ar bith díobh.
- Tabhair aird ar choinníollacha taoide agus gaoithe sula dtosaítear ar ghníomhaíocht freastail ar bith.
- Má táthar ag seoladh díreach ón gcladach, bí cinnte go bhfuil sé sábháilte imeacht amach ón bpointe seolta, go bhfuil rochtain shábháilte air agus nach mbíonn an iomarca brutha ann.
- Ba chóir snámhacht bhreise a fheistiú ar bháid freastail, seachas na cinn inséidte. Is féidir é a bheith i bhfoirm feadán tiomnaithe snámhachta, bloc cúr polaitéine, nó cuasáin snámhachta atá ina gcuid suimeálach den bhád.
- Má tá inneall crochta á úsáid ag báid fhreastail, ba chóir rámhaí nó céaslaí a iompar iontu chomh maith, agus téad feistithe oiriúnach.
- Níor chóir an iomad daoine nó trealaimh a bheith sa bhád freastail. Bíonn pláta treoracha socraithe ag an déantóir i roinnt mhaith báid freastail a léiríonn an líon is mó daoine nó trealamh, nó an dá cheann araon, ar féidir le bád freastail a iompar go sábháilte, chomh maith leis an gcumhacht innill chrochta is mó ar féidir a shocrú leis an mbád go sábháilte – ná sáraigh na huimhreacha seo.
- Ba chóir deiseanna oiriúnacha a sholáthar chun dul ar bord an árthaigh fheistithe, m.sh. dréimire bordála, geataí rochtana ar ráillí, srl.

10.2 Sábháilteacht ar Mhuiríne

Cé go gcuireann áiseanna muiríne na tairbhí d'áisiúlacht agus compord níos mó ar fáil d'oibreoirí bád, ní mór a thabhairt faoi deara gur féidir le

muiríne a bheith ina háit chontúirteach freisin. Tá a lán muiríne suite in uisce domhain atá faoi thionchar sruthanna láidre taoide, oscailte do ghaotha láidre agus an íosmhéid baic chosanta orthu. Is féidir le sruthanna taoide láidre a bheith contúirteach i gcás timpiste.

Tabhair na teorainneacha luais agus na "criosanna coiscthe marbhshrutha" faoi deara i gcuanta, gar do mhuiríne nó gar do limistéir snámha.

Moltar d'úsáideoirí aird a thabhairt ar na réamhchúraimí seo a leanas agus feistí muiríne á n-úsáid acu nó iad ag gluaiseacht thart iontu:

- Caith coisbhearta oiriúnacha neamhsciorracha.
- Tabhair aird ar staid dromchla na ndeiceanna, go háirithe má tá siad fliuch.
- Ná cuir aon chonstaic ar thóchair mhuiríne nó ar leapacha méire le trealamh/tralaithe.
- Bí cinnte go gcoimeádtar smacht ar ghníomhaíochtaí bád a bhaineann le teacht isteach cois leapacha muiríne agus imeacht uathu, agus ná cuir baill den chriú i mbaol agus bád á fheistiú. Céim ghearr seachas céim fhada is ceart a úsáid chun dul ón mbád go dtí an leaba.
- Tabhair ar an gcriú uile GSP/seaicéid tarrthála a chaitheamh agus bád a thabhairt isteach nó amach ó leaba mhuiríne.
- Ná fág leanaí leo féin ar áis mhuiríne.
- Bí cinnte go bhfuil GSP/seaicéid tarrthála oiriúnacha ar pháistí agus iad ar an muiríne.
- Seachain cnapsaic, mála, nó mála droma a chaitheamh agus tú ar muiríne, d'fhéadfadh siad a bheith contúirteach má thiteann tú isteach san uisce.

- Nuair atá soláthar leictreachais cladaigh á úsáid, déan cinnte go bhfuil dea-bhail ar sheoláin reatha, go bhfuil plocóidí/soicéid cuí orthu, taca ceart leo agus nach guais tuisle iad.
- Ná ceangail le seastán cumhachta ach amháin de réir threoracha an tsoláthraí.
- Cuir aon locht a thugtar faoi deara in iúl do bhainistíocht an mhuiríne.
- Cloígh le gach treoir sábháilteachta ón mbainistíocht.
- Bí aireach den bhaol a bhaineann le bogadh timpeall ar mhuiríne faoi thionchar alcóil.
- Tabhair faoi deara cá bhfuil na baoithe tarrthála agus dréimirí pontúin le dul ar bord nuair atá tú ag dul isteach i muiríne ná á fágáil.

10.3 Fánáin

- Déan iniúchadh ar dhromchla an fhánáin lena chinntiú go bhfuil sé saor ó ábhar (m.sh. giolcacha, feamainn, substaintí ar nós ola nó gréisc) a d'fhéadfadh cur isteach ar tharraingt an dromchla d'fheithicil tarraingthe nó a bheith ina ghuais sciorrtha don phearsanra.
- Bí cinnte go bhfuil dóthain doimhneachta uisce ann chun an t-árthach a chur amach ar snámh sula sroicheann an leantóir críoch an fhánáin.
- Bí cinnte go bhfuil a dóthain tarraingthe agus cumhachta ag an bhfeithicil a úsáidtear chun déileáil le lainseáil ó fhánán le grádán géar. Má tá amhras ort, téigh áit éigin eile.
- Moltar feithicil faoi thiomáint ceithre roth a úsáid má táthar ag seoladh leantóir bád.
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil an gléasra tarrthála.
- Nuair is féidir, ná déan an lainseáil leat féin.
- Bíodh plean agat más rud é go sleamhnaíonn an fheithicil agus an

leantóir isteach san uisce in aice an fhánáin, .i. fuinneoga ar oscailt, áis snámhachta ar fáil ach ní á caitheamh.
- Ná lig d'aon phaisinéir fanacht san fheithicil agus bád á lainseáil nó á fáil ar ais agat.
- Tabhair faoi deara agus lean aon rabhaidh nó treoracha sábháilteachta atá curtha in airde ag úinéir an fhánáin.
- Tuairiscigh aon ábhar imní sábháilteachta maidir le staid an fhánáin do na húinéirí.

10.4 Seoladh ón trá

Tig le seoladh agus aisghabháil árthaigh as trá ar bith, go háirithe ceann a mbeadh bruth uirthi, a bheith an-chontúirteach agus ní mór tabhairt faoi go cúramach.
- Faigh comhairle go háitiúil maidir le suímh atá sábháilte agus oiriúnach le haghaidh seoladh.
- Tabhair faoi deara gur féidir le hathruithe móra tarlú idir imeacht agus teacht, ag brath ar choinníollacha taoide agus aimsire.
- Bíodh aird agat i gcónaí ar thionchair na gaoithe agus na taoide ar a chéile sa cheantar.
- Déan scrúdú ar an réamhaisnéis áitiúil aimsire sula ndéantar aon iarracht dul chun farraige.
- Tabhair aird ar an bhfórsa lena mbriseann na dtonn ar bhád, agus an damáiste a d'fhéadfadh teacht as réabadh isteach sa bhruth.
- Ná seol an bád má sháraíonn an bruth 0.5 m, ach amháin má tá árthach speisialta á úsáid leis an oiliúint chuí.
- Caith GSP/seaicéid tarrthála i gcónaí agus bí cinnte de go bhfuil gach trealamh scaoilte ceangailte go daingean.
- Bí cinnte go bhfuil go leor criú a bhfuil taithí acu ar fáil. Ná déan iarracht lainseáil go leathlámhach.
- Cuir do chuid pleananna in iúl do dhuine freagrach ar an talamh, amanna imeachta agus fillte, suímh sheolta agus cinn scríbe san áireamh. Cuir in iúl dóibh i gcónaí nuair a thagann tú ar ais slán.
- Seiceáil leis an údarás áitiúil ábhartha/na fodhlíthe trá áitiúla nach bhfuil cosc ar lainseáil trá.

10.5 Cothabháil

10.5.1 Rigeáil

Bíonn lastáil ollmhóra ar na cuidithe rigeála ar árthaigh sheoltóireachta. Mura shocraímid iad seo i gceart ag an tús agus iad a cheartú ina dhiaidh sin, tig le téada taca, leatóirí nó crainn teip le strustuirse mar gheall ar luaineacht san ualach, fiú nuair a úsáidtear ábhair nua-aimseartha.

Is gá aire leanúnach a thabhairt don rigeáil agus a bheith de shíor á scrúdú. Nuair atá bád i seirbhís, ní mór a aithint nach mairfidh bunábhair ar nós cruach dhosmálta, páirteanna ar nós scriútaí agus teirminéil go deo agus beidh ort iad a athsholáthar. Ar mórán bád os cionn 6 méadar ar fad, is é an nós faoi láthair gan an crann a bhaint anuas ag deireadh an tséasúir. Mar thoradh ar sin, bíonn rigeáil ina seasamh ar feadh na mblianta gan

scrúdú ceart ar bith a dhéanamh uirthi.

Ba chóir an chothabháil seo a leanas a dhéanamh maidir le rigeáil árthaigh:

- Ba chóir do dhuine inniúil gach gné den rigeáil a scrúdú lena shúile. Ba chóir é seo a dhéanamh go bliantúil. Mar go bhféadfadh iniúchadh ceann crainn a bheith i gceist anseo ag leibhéal ard, níor chóir ach do dhaoine a bhfuil taithí acu ar obair lasnairde agus a úsáideann Cathaoir Bhósain nó a chomhionann tabhairt faoin obair seo.
- Ba chóir scriútaí a iniúchadh do chomharthaí go bhfuil duail sreinge saor ó dhamáiste, díchumadh agus ruaircíní.
- Ba chóir scrúdú amhairc a dhéanamh ar theirminéil sreanga taca deiridh – bíonn claonadh chun scoilteadh i gcinn rollaithe nó múnlaithe. Is féidir teirminéil Norseman nó Staylock a oscailt agus scrúdú inmheánach a dhéanamh orthu más gá. Déan cinnte nach bhfuil díchumadh nó damáiste déanta do chasbhúclaí.
- Bíodh aird agat ar aois na scriútaí i do shoitheach. Má tá árthach á úsáid go rialta ba chóir smaoineamh ar athnuachan a dhéanamh gach 7-10 bliain de réir úsáide. Coinnigh na dátaí athnuachana ar taifead. Moltar téada taca a athnuachan de réir a chéile, agus cuid díobh a athrú gach bliain.
- Déan athnuachan i gcónaí le hábhar, méid agus teirminéil oiriúnacha. Moltar go ndéanfaí an obair seo go gairmiúil.
- Tabhair aird ar an gcur chuige ceart chun rigeáil a chur i dtiúin.

10.5.2 Feidhmiú d'inneall inmheánach agus cothabháil

Ar árthaí le hinnill istigh, ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a dhéanamh roimh imeacht:

- Féach ar leibhéil ola agus fuartháin.
- Scrúdaigh gach ruma le haghaidh bodharuisce.
- Deimhnigh go bhfuil na comhlaí mara go léir ar oscailt.
- Deimhnigh go bhfuil go leor breosla ar bord.
- Agus an t-inneall ag rith, bí ag faire amach do shileadh ar bith.
- Sula bhfágtar an duga, deimhnigh go bhfuil sceitheadh dóthanach fuartháin thar bord i láthair.
- Deimhnigh go n-oibríonn an t-inneall chun tosaigh agus ar chúl roimh imeacht ón leaba nó feistiú.
- Ba chóir leibhéil leictrilíte batairí a dheimhniú go rialta le linn an tséasúir.
- Ba chóir córais seafta liáin, agus bealadh rialta agus scrúdú ar ráta silte ag na faireoga, a bheith san áireamh i ngnáthamh cothabhála an úinéara freisin.

10.5.3 Innill chrochta

Ba chóir na gnáthaimh seo a leanas a leanúint ar árthaigh a bhfuil innill chrochta orthu:

- Ba chóir do theicneoir cáilithe seirbhísiú a dhéanamh ar an nGléas Innill ag tús an tséasúir.
- Bí cinnte go sruthlaítear córas fuartháin an aonaid le fíoruisce sula gcuirtear ar leataobh é ag deireadh an tséasúir.
- Roimh imeacht, féach ar staid an chóimeáil liáin/an phionna fiair má tá a leithéid insuite.
- Tabhair aird ar na gnáthaimh chearta tosaithe roimh dhul amach, go háirithe maidir le bá an innill le breosla a sheachaint.
- Má tá inneall dhá-bhuille á úsáid, cinntigh go mbaintear úsáid as an meascán ceart d'ola/bhreosla.
- Ba chóir innill a chrochadh i gceart ar thrasnán an bháid; agus ba chóir go mbeadh láinnéar sábháilteachta ceangailte leis i gcónaí.
- Moltar "corda múchta" a úsáid leis an aonad i gcónaí.

10.5.4 Cothabháil innill bhliantúil

Sula dtosaíonn gach séasúr, ba chóir d'úinéirí na gnáthaimh bhliantúla chothabhála seo leanas a chleachtadh:

- Ola agus scagaire a athrú.
- Uisce a thaoscadh as umair bhreosla (cinntigh go bhfuil siad lán de bhreosla sula gcuirtear i leataobh iad) agus scagairí

breosla a athnuachan.
- Gach píopa fuartháin a scrúdú, agus seiceáil a dhéanamh ar na leibhéil frithreo sna córais fhuartháin. Scrúdaigh gach líne sceite i gcomhair diomailte nó silidh.
- Scrúdaigh na tiománaithe ar chórais Fuartháin Uisce Farraige (caidéil Jabsco).
- Féach ar staid aon chóras tosaithe bataire.
- Scrúdaigh staid na n-anóidí atá faoi uisce.
- Scrúdaigh staid imthacaí muirchlaímh an liáin.
- Bí cinnte go bhfuil gach comhla múchta uisce farraige sa chabhail ag feidhmiú i gceart.

10.5.5 Íosmhéid páirteanna spártha

Do Inneall ar Bord
- Fearas feanbheilt.
- Fearas scagaire ola/breosla.
- Tiománaí spártha uisce farraige Jabsco agus gaiscéid.
- Ola innill spártha.
- Fáisceáin jubilee spártha atá oiriúnach do na píobáin atá ar bord.

Do Inneall Crochta
- Spréachphlocóidí (do innill pheitril).
- Pionna fiair spártha (má tá a leithéid de dhíth).

10.5.6 Fearas Uirlise

Ba chóir fearas uirlise oiriúnach ábhartha a bheith ar bord árthaigh agus moltar na míreanna seo a leanas a bheith ann:
- Tacar scriúirí.
- Tacar castairí atá bainteach le gach árthach.
- Castaire inathraithe.
- Tóirse.
- Castaire spréachphlocóide (d'innill pheitril).
- Sábh mhiotail beag le lanna spártha.
- Greamaire agus greamáin bhíse.
- Canna ola scaoilte WD40, más cuí.

10.6 Gás Peitriliam Leachtaithe/Leachtach (GPL)



Tá suiteálacha agus fearais Gás Peitriliam Leachtach (GPL) feistithe i gcuid mhaith árthaí áineasa, go príomha i bhfoirm cócaireán. Cuirtear GPL ar fáil i sorcóirí brúchóirithe agus is própán, bútán,

nó meascán den dá ghás a bhíonn ann de ghnáth.

Nuair nach láimhseáiltear i gceart iad, áirítear i measc na gcontúirtí a bhaineann le córais GPL tine, pléascadh, dónna agus aisfisce mar thoradh ar sceitheadh gáis ón gcóras nó bailiú gáis i ndiaidh teip lasrach san fhearas. Tá bás agus caillteanas maoine ar árthaí áineasa tarlaithe mar gheall ar imeachtaí dá leithéid.

Tá sé riachtanach go ndéanann teicneoir cáilithe **gach** suiteáil agus **aon** obair cothabhála nó deisithe beartaithe go caighdeán formheasta – (ISO 10239:2014 Árthaí Beaga – Córais Ghás Peitriliam Leachtach (GPL)), agus de réir threoracha an déantóra.

Ba chóir i gcónaí Sorcóirí Gáis:

- A láimhseáil go cúramach. Ná hardaigh sorcóir gáis riamh leis an gcomhla sorcóra;
- A stuáil lasmuigh ionas go scaipfear aon sceitheadh go tapa san atmaisféar oscailte;
- A stuáil ina sheasamh agus daingnithe ionas nach mbogfaidh sé;
- Nuair a stuáiltear i dtaisceadáin ar an deic iad, bíodh go leor poll draenála ann chun an gás (atá níos troime ná aer) a scaipeadh go sábháilte.

Ba chóir na fearais sábháilteachta seo a leanas a fheistiú ar aon chóras GPL:

- Comhla aonrúcháin láimhe ar an sorcóir;
- Brúrialtán fosaithe atá suite sa taisceadán stórála chun brú oibre fosaithe a chur ar fáil don fhearas úsáidte;
- Fearas faoisimh brú atá suite ar nó gar don sorcóir;
- Fearas sábháilteachta uathoibríoch sceite gáis atá suite ar an sorcóir nó in aice leis, chun an soláthar gás a scoitheadh i gcás caillteanais bhrú ó sceitheadh gáis;
- Comhla stoptha láimhe atá suite in aice leis an bhfearas, ach a bhfuil fáil éasca air chun é a úsáid;
- Brathadóirí gáis, suite san áit a bhfuil na fearais suite. Ba chóir do na brathadóirí a bheith suite in áit an ruma nó ag leibhéal an urláir chun sceitheadh gáis bailithe a bhrath. Ba chóir go mbeifear in ann na haláraim a chloisteáil agus go mbeidís socraithe chun an soláthar gáis a ghearradh ón mbuidéal go huathoibríoch;
- Ba chóir aláraim aonocsaíde charbóin agus dóiteáin áitiúil a fheistiú freisin sna háiteanna ina bhfuil cócaireáin;
- Ba chóir gach fearas aonraithe agus sábháilteachta gáis a bheith marcáilte go soiléir chun a fheidhm agus an suíomh oscailte agus dúnta a léiriú.

Níor chóir ach fearais ar dearadh iad le húsáid i dtimpeallacht mara a shuiteáil ar árthach. Ba chóir comhla stoptha a bheith feistithe ar an gcócaireán. Ba chóir go mbeadh córais faoi réir cothabháil bhliantúil

ag teicneoir cáilithe agus ba chóir gach aláram agus comhlaí stoptha atá ar bord a sheiceáil gach mí ar a laghad nuair atá an t-árthach in úsáid.

Ba chóir go mbeadh fearais fosaithe go daingean don árthach. Nuair a bhíonn cócaireán suite ar shocrú giombail, níor chóir srian a chur ar a shaoirseacht gluaiseachta.

Ba chóir modh aerála sceite a fheistiú san áit ina bhfuil an fearas GPL, le duchtáil súite suite ag leibhéal an urláir nó in áit an ruma. Ba chóir feananna eastarraingthe a bheith suite lasmuigh den spás.

Gníomhú Éigeandála
I gcás go mbraitear sceitheadh gáis, ba chóir na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

- Aonraigh an soláthar gáis ag an mbuidéal;
- Múch gach bladhm agus toitín. Ná hoibrigh aon trealamh leictreach ná lasc;
- Aeráil an spás agus bí san airdeall go bhfuil gás níos troime ná aer agus ísleoidh sé sna rumaí;
- Bí san airdeall ar shuíomh an trealaimh mhúchta dóiteáin;
- Ná hoibrigh an córas go dtí go gceartaíonn teicneoir cáilithe an fabht.

Tá tuilleadh faisnéise agus comhairle ar fáil i bhFógra Mara Uimh. 37 de 2017 (Suiteálacha agus córais Gás Peitriliam Leachtach (GPL) a úsáid ar shoithí trádála, árthaí iascaireachta, árthaí pléisiúir agus árthaí mara eile).

10.7 Coimisinéirí Soilse na hÉireann

Tá ról tábhachtach ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann (CSÉ) i sábháilteacht ar an bhfarraige trína gComharthaí Loingseoireachta (CL), lena n-áirítear áiseanna raidió ar nós GPS difréalach (GPSD), Rada-Rabhcháin (Racon) agus Uathchórais Aithinte (UCA), mar aon le háiseanna traidisiúnta amhairc ar nós tithe solais, baoithe agus rabhchán. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag www.irishlights.ie

10.7.1 Baoithe Cliste Aimsire

Faoi láthair, cuireann Baoithe Cliste faisnéis loingseoireachta amhairc thraidisiúnta ar fáil don mhairnéalach mar aon le faisnéis comhshaoil ar chósta na hÉireann atá ar fáil ar an idirlíon, lena n-áirítear:

- Staid na farraige (Tonnairde, Tonntréimhse)
- Staid na haimsire (Luas na Gaoithe, Treo na Gaoithe, Luas an tSéideáin, Treo an tSéideáin)
- Teocht an Uisce.

Tá faisnéis agus aiseolas sonraí ó bhaoithe aimsire cliste timpeall an chósta ar fáil ag http://www.irishlights.ie/environment/smart-buoy-sensors.aspx.